

MEADHON FÓGHMHAIR 1927.

13 ADH LÁ.

Ar an bhfaithche goilfe dom indiu. Bhíos ag faire seabhaic tamall.

Seabhac buidhe a bhí ann. Bhí sé in áirde ar an aer ag faire éin bhig nó luchóige ar thalamh faoi. Ní raibh gluaiseacht faoi. Bhí na sgiatháin ag corú, agus ar feadh leath nóiméide anois is arís, ní bhíodh cor ar bith asta, ach iad sínte amach uaidh agus é ghá choineál féin in áirde gan aon iarracht réir cosamhlachta.

Chó caidéiseach le bean phisreogach.

Meadhon Fóghmhar 1927.

14 ADH LÁ.

Ag dul go hÁrainn dom indiu ar an Dún Aonghus. Bhí stadhan faoilleán idir Oileán na gCaorach agus an caladh. Ina measg bhíean mor dorchá chomh mór le faoileán na sgadán. Bhí faoileánghá ruaigeadh. D'éirigh an t-éan de'n uisge agus d'éiteall timcheall na staidhne. Éan dubh-liath – an dorchadha gan a bheith dubh agus spota bán treasna ar an dá sgiathán in aice le nambarr. Shíleas gur skua a bhí ann, agus feicim san aiste ar an great skua atá ag Coward (Birds of the British Isles) go bhfuil barra bán ar an sgiathán, agus gur éan donn (nó umber brown).

an great skua. "It has a gliding flight," adeir sé, agus thugas sinfaoi deara. Deir Usher & Warren gur marbhuigheadh skua mór igCuan na Gaillimhe 1835. San bhfóghmhar a thagas an t-éanseó go cuanta Éireann.

Seabhac faoilleán éan glas. Bíonn sé ag sgreadach sgreadachgo deo i ndiaidh faoilleáin go gcaitheann sí uaithe an biadh. Níbhuaifidh an biadh an fharrge go mbeidh sé slugtha ag an éan glas.

Meadhon Foghmhair 1927.

14 adh lá.

Ag dul go hÁrainn dom indiu chonnaiceas éanacha aille i bhfoisgeacht trí míle de Chaladh na Gaillimhe. (uria troille) Bhí éan óg in éindigh le gach sean-éan. "The adult bird in summer is slaty brown on the upper parts and more rufous brown on the cheeks, chin and throat; the under parts and a narrow wing bar are white. In winter the plumage is browner and sides of face chin and throat are white. The plumage of the juvenile resembles that of the adult in summer but in autumn one more like the winter dress is attained" Coward Vol 11 9-70.

Stoc 9/27 Síomán mac na baintreabhaighe.

Le crónachan an trathnóna.

Meall gabáiste

mo shúil a chur de

Muna mbréagan mo shúile mé.

Síol éisg—stifíní Peadar.

Nuair a thagas an aois imthigheann an bhrigh.

Tá riar maith Gaedhilge anois aige.

Ná bí ag saidbhséireacht ar aon duine

ag fothuigheacht.

Ag flithmhagadh.

Flithmhagadh= dá mbeadh duine ag caint go deas leat agus go

mbeadh sé ag caitheamh corr-fhocal isteach le do ghortú, sin flith-mhagadh.

Ag tuile tide returning,

An taoille ag teannadh leis.

Fear i mbaile nó baile i bparáiste

[Dá mbeadh fear i mbaile agus droch-cháil air agus é tleigthe ó bhéal gach duine gur droch-fhear é,ní bheadh muinghín ag aonduine as.

Baile i bParáiste

Mar an gcéadna baile a bheadh in agaidh paráiste.]

Pósadh;

Níl aon chearc mar cearc do cairn aoiligh féin.

Ní leithneide an t-aér ná an timpist.

Bhí faoileán druimneach i dteannta i n-eangach. Bhí an teangach caithte ar ais gcé adhmuid ag an Long Walk.

Bhí cos an éin ceangailte i gceann de na mugaill. Bhí an taoille ag tuile agus de réir mar bhí an taoille ag eirghe bhí faoitchíos ag teacht ar an druimneach thosuigh sé ag sgreadach agus ag sgréachghail. Tháinig na mílte faoileán os a cionn san aer, agus iad san ag sgreadach, d'éirigh an taoille agus báthadh an druimneach.

Ag Poll an Oistire.

Madadh ag tabhairt searsa faoi éan aille san tsruth agus gan gaobhthar ag an madadh dul faoi'n uisge. Thomadh an t-éan aille ón madadh.

Caoch-phoill=poll cruinn domhan ar an gcriathrach. Bíonn dearg-fhraoch ag fás timcheall an phoill.

Fásann mónóga timcheall ar an gcaoch poll.